
LÁRIONAD EORPACH
UM CHOSC AGUS
RIALÚ GALAR








# ECDC: Ardchaighdeán feabhais maidir le galair thógálacha a chosc agus a rialú

www.ecdc.europa.eu

**Is é an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), a bunaíodh in 2005, an ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil freagracht air as córacha cosanta na hEorpa a láidriú i gcoinne galair thógálacha. Tá sé bunaithe i Stócólm na Sualainne.**

**Is é is misean do ECDC bagairtí ó ghalair thógálacha ar shláinte an duine, idir bhagairtí reatha agus bhagairtí atá ag teacht chun cinn, a aithint, a mheasúnú agus a phoibliú, chomh maith le tacú le agus cabhrú le comhordú ullmhacht agus cumais fhreagartha thíortha de chuid an Aontais Eorpaigh.**

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2011.

ISBN 978-92-9193-314-3
doi:10.2900/58598

# ECDC: Ardchaighdeán feabhais maidir le galair thógálacha a chosc agus a rialú

## Clár na nÁbhar

ECDC – Ag cabhrú le tíortha daoine a shábháil ar an mbás ... 3
Tacaíocht le haghaidh Ullmhachta agus Freagartha – Réidh in am an riachtanais ... 4
Faireachas – Bailímid agus déanaimid anailís ar na sonraí ... 8
Comhairle eolaíochta – Fianaise chun gníomhaithe ... 10
Acmhainn um shláinte an phobail agus cumarsáid – Éistimid agus freagraímid ... 14
Cláir ECDC um ghalair – Céard a chlúdaímid ... 18
Galair thógálacha – cuid de na príomhbhagairtí ... 20
Conas is féidir leat a bheith páirteach ... 22
Na príomhfhíricí faoi rialachas ... 24
Caidreamh lenár bpáirtithe ... 26



*"Mar ghairmithe sláinte an phobail, is é is gnó d'fhoireann ECDC sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú. Déanaimid ár ndícheall ardchaighdeán feabhais a bhaint amach óir creidimid go bhfuil sláinte an phobail tábhachtach."*

**Marc Sprenger, Stiúrthóir ECDC**

# ECDC – Ag cabhrú le tíortha daoine a shábháil ar an mbás

Is iad ár ngnó iad galair thógálacha. Caithfimid a bheith airdeallach, éifeachtúil agus éifeachtach, óir braitheann go leor rudaí orainn. Tuigeann rialtais san Eoraip óir nach mbaineann teorainneacha le galair thógálacha, go bhfuil gá leanúnach le faireachas agus measúnú ar rioscaí chun líne chosanta láidir agus iontaofa a chur ar fáil do gach Eorpach.

Tá baint dhíreach ag ár n-obair eolaíochta leis an obair a dhéanann Aireachtaí Sláinte, institiúidí náisiúnta um shláinte an phobail, taighdeoirí um shláinte an phobail, bainisteoirí agus dochtúirí i ngach tír san Eoraip, daoine a mbímid i dteagmháil leo go laethúil, in éineacht le heolas a roinnt agus anailís, treoir agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil.

Ní haon chomhtharlú é buntáiste a bheith i gceist leis an Eoraip a chosaint ó ghalair thógálacha. Tógadh ECDC ar chórais dhea-chomhordaithe airdill agus fheagartha um shláinte an phobail, ar fhianaise agus ar anailís neamhspleách eolaíochta, ar an gcumas gníomhú go gasta agus go cinntitheach, agus ar shaineolas cumarsáide chun eolas iontaofa a chur ar fáil go gasta dóibh siúd a theastaíonn é. Eagraítear gníomhaíochtaí lárnacha agus allamuigh ECDC chun tacú leis na feidhmeanna ríthábhachtacha seo um shláinte an phobail agus chun iad a láidiriú, arb aidhm dóibh cur le héifeacht freagraí tíortha, go háirithe i gcás sriantachtaí airgeadais, agus mar sin daoine a shábháil ar an mbás.

Is gníomhaireacht eolaíochta agus theicniúil é ECDC seachas foras polaitiúil. Is é an ról atá againn ligean don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do lucht déanta beartas náisiúnta sláinte, an chomhairle agus an fhianaise a bheith acu cinntí a dhéanamh agus gníomhú chun sláinte an phobail a chosaint.

Is speisialta an rud é bheith ag obair anseo. Ní hamháin óir go bhfuilimid ar an líne thosaigh chun galair thógálacha san Eoraip a chosc agus a rialú, ach óir go bhfuil spreagadh, éagsúlacht agus gairmiúlacht i measc na foirne anseo.

Tá ECDC uathúil. Táimid mórálach as bheith i gcroílár líonra fairsing Eorpach de speisialtóirí um shláinte an phobail, d'eolaithe, de mhicribhitheolaithe agus d'eipidéimeolaithe atá tiomanta –níos mó ná 10 000 díobh – a oibríonn linn agus le páirtithe eile ar nós WHO chun daoine a chosaint ó bhagairtí ó ghalair thógálacha. Oibrímid go crua chun na hiarrachtaí seo a mhionchoigeartú ionas gur fiú le hiontaobh agus le tacaíocht na hEorpa iad.

Ar léamh an bhróisiúir seo duit tá súil agam go bhfoghlaimeoidh tú níos mó faoin gcaoi a n-oibrímid, céard a dhéanaimid agus céard a chuirimid ar fáil.

Marc Sprenger, Stiúrthóir, ECDC




*Buaileann baill foirne ECDC le chéile go laethúil chun monatóireacht a dhéanamh ar ráigeanna galair*

# Tacaíocht le haghaidh Ullmhachta agus Freagartha – Réidh in am an riachtanais

Gach maidin buaileann saineolaithe ECDC le chéile sa Lárionad Oibríochtaí Éigeandála (EOC), croílár an Chórais Réamhrabhaidh agus Fhreagartha de chuid an AE, córas curtha teachtaireachtaí slána an Choimisiúin Eorpaigh, córas atá nasctha le húdaráis sláinte trasna na hEorpa agus le páirtithe cuí eile. Ag an gcomhchruinniú faisnéise seo déanann baill foirne de chuid ECDC:

- monatóireacht ar scéalta agus ar thuairiscí chun dáta ón oíche roimhe i dtaca le ráigeanna galar tógálach san Eoraip agus timpeall an domhain;
- plé agus athbhreithniú ar 'chomharthaí' de ráigeanna nua a fhaightear trí scanadh ar na meáin chumarsáide, agus ó thuairiscí go díreach ó eipidéimeolaithe agus ó údaráis sláinte ar fud an domhain;
- measúnacht phras ar shuntasacht dhóchúlach bagairtí nua.
- athbhreithniú ar iarratais faisnéise ó thíortha;
- dul chun cinn a rianú maidir le gníomhaíochtaí leanúnacha arb aidhm dó leathadh ráigeanna reatha a shrianadh; agus
- eolas, taithí agus comhairle eolaíochta a roinnt le Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach.

Tar éis an chruinnithe, scaiptear eolas agus comhairle i measc cleachtóirí um shláinte an phobail agus i measc an phobail i gcoitinne.

Ó bunaíodh an ghníomhaireacht in 2005, rinneadh forbairt agus feabhsú go leanúnach ar chórais ullmhachta agus fhreagartha éigeandála ECDC trí chomhairliúcháin le saineolaithe



neamhspleácha ó gach Ballstát de chuid an AE agus ó áiteanna nach iad, córais a ndearna comhlachtaí rialaithe athbhreithniú orthu agus a ndearnadh tástáil orthu trí chleachtaí rólghlactha a rinneadh ar leibhéal domhanda agus ar leibhéal réigiúnach, agus a cuireadh i gcrích san fhíorshaol. Tá sé chomh tábhachtach céanna ullmhú le haghaidh géarchéimeanna agus atá sé freagairt dóibh nuair a tharlaíonn siad. Déanann ECDC go leor infheistithe i gcabhair a thabhairt do Bhallstáit a n-ionaid oibríochtaí éigeandála a ullmhú agus ullmhacht a láidriú ar leibhéal náisiúnta.

## Uirlisí faisnéis eipidéime – faire amach le haghaidh rabhaidh luatha

Ceann de na príomhláidreachtaí atá ag ECDC is ea a chumas bagairtí ó ghalair thógálacha a bhrath agus freagairt go gasta dóibh. Tá ardán slán cumarsáide bunaithe ar an ngréasán (EPIS) forbartha ag ECDC trína ligtear eolas teicniúil agus rabhaidh luatha a roinnt go hidirnáisiúnta i dtaca le ráigeanna de ghalair thógalacha. Féadfaidh eipidéimeolaithe agus micribhitheolaithe a oibríonn i limistéir éagsúla galair an t-ardán EPIS a úsáid chun comhghleacaithe i dtíortha eile a chur ar an airdeall mar gheall ar chásanna is ábhair phráinneacha iad agus chun a dtuairimí agus anailís eolaíochta a roinnt ar na fóraim ar líne.

## Ráigeanna bia-iompartha

Tá tacaíocht tugtha agus éascaíocht déanta ag ECDC d'iniúchtaí éagsúla ilnáisiúnta ar ráigeanna de ghalair bhia-iompartha a braitheadh tríd an líonra Galair Bia- agus Uisce-Iompartha agus Zónóisí. Bhí sé de thoradh ar na gníomhaíochtaí comhoibríocha seo gur roinneadh eolas go héifeachtach agus go tapa i measc na bpáirtithe cuí, lena n-áirítear údaráis um shláinte an phobail agus údaráis um shábháilteacht bhia sna Ballstáit chomh maith le príomhghníomhaithe ag leibhéal an AE, ar nós an Chórais Mhear-rabhaidh um Bia-ábhair agus Beathú (RASFF) agus an Choimisiúin Eorpaigh. Mar thoradh air seo, cosnaíodh tomhaltóirí ar fud na hEorpa trí bhia fabhtaithe sna Ballstáit a bhaint in am tráthúil.



## Imirce agus galair thógálacha

Tá ceist na himirce agus na sláinte in áit thábhachtach ar chlár oibre an AE le blianta beaga anuas. Tá tiomantas polaitiúil an AE le feiceáil go soiléir in ionstraimí beartais a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil rochtain ag imircigh ar chúram sláinte, agus sa Chlár Eorpach um Shláinte 2003–2008 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus sa Dara Clár Gníomhaíochta de chuid an Chomhphobail i Réimse na Sláinte 2008–2013. Áirítear sa chlár deireanach tionscadail ar éagothromais sláinte, tionscadail ar stádas sláinte imirce agus ar ualach galair thógálacha, agus tionscadail ar chúram sláinte a sholáthar d'imircigh neamhdhlíthiúla. Tá acmhainní infheistithe ag ECDC thar roinnt blianta chun an tuiscint a fhorbairt maidir leis an ngaol idir imirce agus sláinte an phobail. Féadfar, áfach, a thuilleadh a dhéanamh chun díriú ar riachtanais sláinte agus chúram sláinte imirceach. Sna blianta atá amach romhainn, tá ECDC tiomanta feabhas a chur ar fhaireachas agus ar mhonatóireacht galar tógálach, chun cinntiú go bhfuil cláir choisc agus rialaithe freagrach do phatrúin faoi athrú – idir phatrúin eipidéimeolaíocht imirce agus eipidéimeolaíocht galar tógálach – agus chun cinntiú go bhfuil seirbhísí cúraim sláinte freagrach do riachtanais shainiúla phobal imirceach.



*Tá níos mó daoine ná riamh i mbun gluaiseachta*



*"Tá na daoine anseo an-díograiseach! Tá an fhoireann ionadaíoch ar éagsúlacht an réigiúin, agus i mo thuairim féin, tá siad ina léiriú ar idé ríluachmhar an Aontais Eorpaigh, is é sin daoine ag obair ar scáth a chéile go síochánta".*

Andrea Ammon, Ionadaí don Stiúrthóir

# Faireachas – Bailímid agus déanaimid anailís ar na sonraí

I gceartlár ECDC tá faireachas ar ghalair thógálacha: bailiú, measúnacht, anailísiú agus scaipeadh eolas cuí eolaíochta agus teiciniúil. Déantar seo tríd an gCóras Eorpach um Fhaireachas, ar a dtugtar TESSy. Trí TESSy, cuirtear tíortha Eorpacha ar an eolas faoi fhianaise eolaíochta ar ghalair thógálacha chun gur féidir leo freagra níos fearr agus níos sonraithe a thabhairt.

Is comhghníomhaíocht é faireachas i dteannta Ballstát agus an iliomad saineolaithe agus institiúidí um shláinte an phobail a chuireann leis na bunachair. Trí reachtaíocht an AE, iarrtar ar gach tír eolas faireachais a thuairisciú do ECDC go rialta ar liosta comhaontaithe de 49 galar tógálach, chomh maith le ráigeanna a thuairisciú arbh fhéidir leo leathadh go tíortha eile de chuid an AE.

Áirítear agus comhtháthaítear sa bhunachar eolas ó mhórán líonraí faireachais sainghalair a bhíodh scartha roimhe seo. Tá sé de thoradh air seo go bhfuil sé níos éasca teacht ar eolas Eorpach ar ghalair thógálacha agus go bhfuil ionad ilfhreastail cruthaithe dá thoradh.

Bailíonn agus déanann ECDC anailís ar an eolas eipidéim-eolaíochta agus cuireann tuairiscí i láthair trína soláthraítear idir fhorbhreathnú AE agus eolas cuí luachmhar agus comparáideach do gach Ballstát ar leith.


## TESSy: tobar eolais

Is córas sársholúbtha, comhtháite agus idirghníomhach é TESSy trína ligtear cuardaigh sonraí sainiúla agus comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh. Cuirtear ar fáil ann taispeáintí soláimhsithe de thorthaí roghnaithe i bhformáidí éagsúla in-íoslódailte, ar nós táblaí, figiúirí agus léarscáileanna.




Gach bliain foilsíonn ECDC an *Tuarascáil Bhliantúil Eipidéimeolaíochta*, foilseachán uathúil ina dtugtar figiúirí comparáideacha ar ghalair thógálacha trasna na hEorpa. Úsáidtear na figiúirí, ní hamháin chun scrúdú a dhéanamh ar ar tharla agus ar cad atá ag tarlú, ach chun cabhrú le treochtaí sa todhchaí agus le treoracha beartais a aithint.


# TESSy, ionad ilfhreastail le haghaidh eolais ar ghalair thógálacha san Eoraip




## Líonraí faireachais

Saineolaithe i ngach Ballstát, ar speisialtacht dóibh é sláinte an phobail, cuireann siad eolas faoi bhráid TESSy, eolas a dhearbhaíonn agus a ndéanann ECDC anailís air. Seo a leanas liosta na líonraí arb as na saineolaithe:

- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Fhliú
- An Líonra Galair Bia- agus Uisce-Iompartha agus Zónóisí
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Ghalair Ionracha Bhaictéaracha
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar VEID/SEIF
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Eitinn
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Ionfhabhtuithe bainteach leis an gCúram Sláinte
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Ghalar na Léigiúnach
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Dhiftéire
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Chaitheamh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Ghalair Inchoiscthe trí Vacsaíniú
- An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Ghalar Creutzfeld-Jacob
- *An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Heipitíteas B/C (ó 2012)*




# Comhairle eolaíochta – Fianaise chun gníomhaithe

Cuireann ECDC ar fáil an chomhairle eolaíochta agus an treoir a fhéadann lucht déanta beartais agus cleachtóirí um shláinte an phobail a úsáid chun taca a chur faoina gcinntí. Déanann eolaithe agus eipidéimeolaithe tiomnaithe ECDC measúnuithe riosca ar iarratas an Choimisiúin Eorpaigh nó ar iarratas Ballstáit. I measc na hoibre a dhéanann siad tá léirbhreithnithe litríochta agus anailísí staitistiúla a choimisiúnú agus tuairimí eolaíochta a bhailiú ó shaineolaithe idirnáisiúnta. Chun comhairle agus treoir oifigiúil eolaíochta a fhorbairt, cuireann ECDC Painéil Eolaíochta ad hoc ar bun chun tuairimí tosaigh a chur i láthair, tuairimí a ndéanann Fóram Comhairleach ECDC plé, athbhreithniú agus faomhadh orthu ansin.

## Tuairimí neamhspleácha


Tá an chomhairle agus an treoir eolaíochta a chuireann ECDC ar fáil go dian-neamhspleách ar agus saor ó aon thionchar tráchtála nó leas dílsithe. Déantar measúnú cúramach ar choimhlintí poitéinsiúla leasa de chuid na foirne agus saineolaithe. Is bunphrionsabal é seo atá ECDC cúramach i dtaobh é a shárú.



*Tá comhaontais fhoirmiúla ag ECDC leis na saotharlanna náisiúnta tagartha*

## Micribhitheolaíocht um shláinte an phobail – obair bhleachtaireachta ar oibreáin ghalair

Braitheann rialú galar tógálach ar bhrath saotharlainne agus ar shaintréithiú oibreán galair. In ionad a saotharlanna féin, tá comhaontuithe foirmiúla ag ECDC le saotharlanna náisiúnta tagartha de chuid institiúidí um shláinte an phobail i mBallstáit Eorpacha. Éascaíonn ECDC forbairt agus feidhmiú éifeachtúil córas micribhitheolaíochta um shláinte an phobail, córas ar féidir leis eolas tráthúil agus iontaofa a chur ar fáil ar mhaithe le cosc agus rialú galar tógálach i dtíortha indibhidiúla agus ag an leibhéal Eorpach. Bronntar conarthaí ar shaotharlanna chun tacú le gníomhaíochtaí faireachais agus chun traenáil ghairmiúil a chur ar fáil. Déanann ECDC: treoir a chur ar fáil maidir le feidhmeanna micribhitheolaíochta de chuid saotharlanna tagartha um shláinte an phobail; obair i leith comhchuibhiú caighdeán; agus monatóireacht ar fheidhmiúchán cáilíochta.



## Samplaí d'iarratais úrnua

- Cad é an bealach is fearr chun an vacsaín nua papalómaivíreas in aghaidh na hailse cheirbheacs a úsáid?
- Bhris Fiabhras Q i measc gabhar san Ísiltír. Cén bhagairt atá aige ar shláinte an duine?
- Cé chomh minic is ba chóir tástáil a dhéanamh ar dheonacháin speirme le haghaidh galair víreasacha?
- Má bhíonn paindéim úr ann, ar cheart don Aontas Eorpach na vacsaíní a cheannach do gach tír, ar mhaithe le huas-éifeachtúlacht costais, agus cá mhéad a bheadh de dhíth ar gach tír?
- Conas a láimhseálfaimid an riosca a bhaineann leis an bhfiabhras fuilreatha daonna (víreas Junin) i dtrasphlandaithe?
- An bhféadfadh ráig an chalair i Háítí bagairt ar shaoránaigh Eorpacha?

*Víris fhliú sa scornach, obair ealaíne*

# Treoir a fhorbairt i dtaobh an fhliú shéasúraigh

Nuair a bhíonn treoir á forbairt ag ECDC i dtaobh fliú úr shéasúraigh, déanann ECDC measúnú intí riosca, ag féachaint ar thuairiscí luatha ó údaráis náisiúnta chun na nithe seo a leanas a aithint: treochtaí, patrúin tarchurtha, déine, pobail i mbaoil agus fothorthaí. Cuirtear i láthair torthaí, anailísí agus comhairle molta ansin agus déanann baill d'Fhóram Comhairleach ECDC agus saineolaithe eile seachtracha athbhreithniú orthu. De réir mar a thagann an séasúr chun cinn, déantar monatóireacht ar an déine agus más léir ina dhiaidh sin go mbeidh an séasúr níos déine ná mar is gnách, tugann ECDC foláirimh d'údaráis Bhallstáit, don phobal um shláinte an phobail, agus cuireann eolas ar fáil don phobal. Is measúnacht ar oiriúnacht vacsaíne le haghaidh aon seásúir ar leith iad anailísí víreolaíocha arna dheimhniú ag staidéir allamuigh comhordaithe ag ECDC. Deimhníodh iontu, mar shampla, gur fíor gur chosain vacsaíní fliú shéasúraigh 2010 in aghaidh víris fhliú an tséasúir. Déanann líonra VENICE (Vaccine European New Integrated Collaboration Effort) rianú ar úsáid náisiúnta vacsaíní. Tar éis iarratas a fháil ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), chomhordaigh ECDC dhá fhiosrúchán neamshpleácha ilnáisiúnta eolaíochta, fiosrúcháin a rinne imscrúdú ar cheisteanna ar leith i dtaobh sábháilteacht vacsaíne. Cuireann na gníomhaíochtaí comhthráthacha seo go léir le forbairt beartais, dea-chleachtais agus treorach um ullmhacht an phobail agus míosúir fheagartha, forbairtí a chuirtear in iúl ansin do luchtanna éagsúla de ghairmithe agus lucht déanta beartais, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.



*An nuacht is déanaí ar fhliú á roinnt*



*"Mura féidir linn teacht ar shaineolaí nach dtagann a leasa dílsithe trasna air, cad a dhéanaimid? Coinneoimis orainn á lorg!"*

Johan Giesecke, An Príomheolaí



# Acmhainn um shláinte an phobail agus cumarsáid – Éistimid agus freagraímid

## Tacaíocht um láidriú acmhainne do Bhallstáit

D'fhoghlaimíomar ón stair gur mór an méid ama agus iarrachta a thógann sé córas maith um shláinte an phobail a thógáil chun galair thógálacha a rialú. Tá na córais seo leochaileach agus is gá iad a chothabháil agus a fhorbairt de shíor chun go bhfeidhmeoidh siad go maith. Mura ndéantar amhlaidh, tá sé foghlamtha againn chomh maith gur féidir ligean d'eipidéimí móra forbairt go han-ghasta, rud a fhéadfaidh bheith an-deacair agus an-chostasach a rialú. Dá bhrí sin, is infheistíocht mhaith sa todhchaí é córais éifeachtúla um shláinte an phobail a chothabháil.

Tacaíonn ECDC le Ballstáit ina gcuid iarrachtaí córais láidre um rialú galar tógálach a thógáil agus a chothabháil trí mheasúnacht a dhéanamh ar acmhainní agus ar riachtanais chórais um shláinte an phobail, agus trí chláir chuimsitheacha fhadtéarmacha oiliúna agus oideachas leanúnach do shaineolaithe a thairiscint. Ag tógáil ar a n-eolas agus ar a n-acmhainn galair thógálacha a chosc agus a rialú, agus ar a thuiscint thathagach ar struchtúir um shláinte an phobail san Eoraip, is é a dhéanann ECDC fianaise a chur i gcomparáid agus a roinnt, fianaise ar idirghabhálacha cost-éifeachtúil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla.

## Cinntímid go bhfaigheann gach duine an t-eolas atá uathu.

Is bunchuid d'obair ECDC é a thorthaí eolaíochta a scaipeadh, agus eolas a roinnt ar conas eolas a chur in iúl go héifeachtach do phobail ar leith, idir lucht déanta beartais, eolaithe, na meáin chumarsáide nó an pobal i gcoitinne.

Téann Ballstáit i muinín ECDC le haghaidh comhairle ar chumarsáide riosca, agus ar chumarsáid a dhéanamh i rith géarchéime, bíodh bagairt ghéar i gceist, nó troid in aghaidh leathadh galar eindéimeach. Tá an chumarsáid de






shíor ag teacht chun cinn. Tá ról ag meáin úra idirghníomhacha chumarsáide, mar shampla, i gcabhair a thabhairt do dhaoine eolas ar shláinte a fháil, ach tá daoine eile ann a bhfuil rochtain nó suim shrianta acu sna teicneolaíochtaí úra seo.

Chun tabhairt faoi riachtanais agus dúshláin úra chumarsáide na mBallstát, tá ECDC:

- ag obair ar bhonn fianaise le haghaidh cumarsáide um shláinte.
- ag aithint na modhanna is fearr chun cumarsáid a dhéanamh le codanna éagsúla den phobal,
- ag bailiú agus scaipeadh dea-chleachtais agus smaointe úra, agus
- ag fiosrú cumas meáin úra.

## Foilseacháin ECDC

Cuireann ECDC foilseacháin amach ar réimse leathan galar tógálach, idir an tuairisc chuimsitheach *Annual epidemiological report on communicable diseases in Europe*, an tuairisc *Annual Threat Report*, anailís ar na bagairtí a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu san AE, agus thuairiscí teicniúla agus treorach. Tá na foilseacháin eolaíochta seo dírithe ar shaineolaithe agus foilsítear i mBéarla iad. Cuirtear amach foilseacháin don phobal i gcoitinne sna 23 teanga oifigiúil de chuid an AE, san Íoslainnis agus san Ioruais.

## Eurosurveillance

Tá an iris sheachtainiúil ar líne eolaíochta seo ar cheann de na hirisí ar thús cadhnaíochta ar ghalair thógálacha san Eoraip. Is iris rochtain oscailte í atá saor ó tháillí údair. Tá clú uirthi mar gheall ar bheith an-suas-chun-dáta ar ábhair phráinneacha agus ba í an chéad iris a ndéantar piarmheasúnú uirthi a d'fhoilsigh réamhanailís ar ghéanóm an fhliúvíris phandéimigh chineál A fochineál H1N1.

## Suíomh Gréasáin

Cuireann suíomh gréasáin ECDC nuacht, nuashonruithe agus eolas mionsonraithe ar fhaireachas, ar thuairiscí eolaíochta, ar oiliúint agus ar ghníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear naisc chuig comhlachtaí náisiúnta agus an AE.




*Feachtais ar fud na hEorpa ar Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa*

# Tacaíocht d’fheachtais náisiúnta


## Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa

Is tionscnamh faoi cheannas ECDC é Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa a reáchtáiltear gach bliain i rith sheachtain 18 Samhain, chun ardán a chur ar fáil d’fheachtais náisiúnta ar úsáid chiallmhar antaibheathach. Aithnítear frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach mar cheann de na bagairtí is práinní ar shláinte an phobail san Eoraip agus tá sé riachtanach antaibheathaigh a úsáid i gceart ar mhaithe le cosc a chur ar ardú i mbaictéir fhrith-sheasmhacha.

Ón gcéad uair a reachtáladh Lá Feasachta Antaibheathaigh na hEorpa in 2008, dhírigh an tionscnamh go háirithe ar an bpobal, ar dhochtúirí teaghlaigh, agus ar dhochtúirí agus ar bhanaltraí a ordaíonn cógas.

## Foirne Uirlisí

Cuirtear foirne uirlisí cumarsáide ECDC ar fáil d’údaráis náisiúnta um shláinte an phobail chun cabhrú le feasacht a spreagadh i dtaobh cosc agus rialú galair thógálacha ar leith. San áireamh sna foirne uirlisí tá príomhtheacht-aireachtaí agus príomhábhair is féidir a chur in oiriúint d’fheachtais chumarsáide náisiúnta nó áitiúil um shláinte.




*Is féidir póstaeir feachtais a chur in oiriúint go héasca do riachtanais áitiúla*



*“Tá sé riachtanach an teachtaireacht a chur in iúl nach comhtharlú áisiúil é sábháilteacht an tsaoránaigh Eorpaigh ó ghalar tógálach, ach gurb ann dó mar gheall ar dhíograis, agus go bhféadfaidh sé athrú mura ndéantar an obair sin.”*

Karl Ekdahl, Ceannasaí an Aonaid Acmhainne um Shláinte an Phobail agus um Chumarsáid



*Féadfaidh corrmhíolta galair a tharchur, galair ar nós na maláire agus an fhiabhrais deinge*

# Cláir ECDC um ghalair – Céard a chlúdaímid

Tá ceangal curtha orthu féin ag Ballstáit an AE eolas a roinnt ar réimse galar tógálach. Maidir leis seo, tacaíonn cláir ECDC le forbairt beartas ar leith de chuid an AE chomh maith lena gcur i bhfeidhm, agus le monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh orthu. Áirítear sna réimsí gníomhaíochtaí agus galar:

## Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte

Úsáid antaibheathach, frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathaach agus cineálacha eile ionfhabhtuithe in ospidéil agus i saoráidí cúram sláinte.

## Galair in-choiscthe trí vacsaíniú agus ionfhabhtuithe ionracha baictéaracha

Saincheisteanna vacsaínithe agus na galair a fhéadfaidh vacsaíní a chosc, lena n-áirítear diftéire, *Haemophilus influenzae* cineál B is cúis le hionfhabhtuithe, bruitíneach, galar meiningeacocúil, plucamas, triuch, ionfhabhtuithe niúmacocúil, polaimiailíteas, confadh, ionfhabhtú rótaivíris, bruitíneach dhearg, teiteanas, ionfhabhtuithe paplómaivíreas daonna (HPV) agus varicella.

## Fliú

Fliú séasúrach, fliú paindéimeach agus fliú éanúil. Is cúram don chlár saincheisteanna a bhaineann le vacsaíniú



*Tá an cosc ríthábhachtach*



*Féadfaidh bearta simplí sláinteachais teorainn a chur ar leathadh ionfhabhtuithe*

fliú, drugaí frithvíreasacha agus an fhrithsheasmacht ina n-aghaidh atá ag teacht chun cinn.

## Eitinn

Eitinn agus fadhb na frithsheasmachta in aghaidh drugaí. Comhionfhabhtú le VEID freisin.

## Galair ag teacht chun cinn agus veicteoir-iompartha

Galair ar iompar ag feithidí agus ag 'veicteoirí' eile, galair bainteach le taisteal, agus galair úra nó galair a fhéadfaidh tarlú arís: fiabhras chikungunya, fiabhras deinge, ionfhabhtuithe hantaivíris, galar Lyme (borralóis), maláire, plá, fiabhras Q, géarshiondróm trom riospráide (SARS), bolgach, einceifilíteas sceartán-iompartha, túlairéime, fiabhrais fuilreatha víreasach, víreas na Níle Thiar agus an fiabhras buí.

## Galair a iompraítear i mbia agus in uisce agus zóinóisí

Galair a fhéadfar a tharchur ó ainmhithe go daoine (galair 'zónóiseacha'), lena n-áirítear botalas, brúsallóis, campalabaictéaróis, léigiúnalóis, galar Creutzfeldt-Jakob agus galair intarchurtha spúinseacha eile mar shampla einceifleapaití, cripteaspóiriodóis, eicineacocóis, giairdiáis, heipitíteas A, heipitíteas E, ionfhabhtú trí *Escherichia coli*, listéaróis, ionfhabhtú noraivíris, salmanallóis, sigeallóis, tocsaplasmóis, tricineallóis agus iairsíonóis.

## SEIF, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus galair eile fuil-iompartha.

Clamaidia, gónairith, gallbholgach, heipitíteas B, heipitíteas C agus VEID/SEIF.



# Galair thógálacha – cuid de na príomhbhagairtí

## Frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe faighte san ospidéal

Is fadhb iad baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh frithbheathach, fadhb atá ag dul i méad go mór agus go tapa, go háirithe in ospidéil. Is de dheasca a dheacra atá sé na baictéir seo a mharú go.

## VEID/SEIF

Meastar nach bhfuil a fhios ag 30% den 700 000 duine atá ina gcónaí san Eoraip agus a bhfuil VEID orthu go bhfuil an galar orthu. Mar thoradh air seo, níl na daoine seo in ann leas a bhaint as an gcóir leighis atá ar fail agus féadfaidh siad VEID a sheachadadh chuig daoine eile i ngan fhios dóibh, mar shampla páirtithe nó leanaí sa bhroinn.

## Eitinn

Tá líon na gcásanna TB ag dul i méad i measc daoine i mbaol, mar shampla imircigh agus daoine atá VEID-deimhneach. Táthar ag feiceáil cásanna ar fud an AE de TB atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí, cásanna atá an-deacair nó fiú dodhéanta ar fad le cóireáil.

## Fliú

Gach geimhreadh, éiríonn na céadta mílte daoine san AE breoite ar bhonn tromchúiseach le fliú séasúrach. As na daoine seo, gheobhaidh na mílte bás le linn an ghnáthshéasúir fliú, go minic nuair nach bhfuil call leis óir go bhfuil vacsaíní éifeachtacha ar fáil do dhaoine i mbaol.





## Athrú aeráide

D’fhéadfadh sé bheith mar thoradh ar athrú aeráide go mbeadh patrúin úra galar san Eoraip, trí, mar shampla réimsí tarchurtha galar veicteoir-iompartha a bheith ag aistriú, galair ar nós hantaivíreas, víreas na Níle Thiar, ein-ceifilíteas sceartán-iompartha, galar Lyme, maláire agus fiabhras deinge.

## Clúdach íseal vacsaínithe

De dheasca clúdach íseal vacsaínithe i roinnt tíortha, níl galair ar nós bruitíneach rialaithe agus tá siad ag teacht ar ais arís. Má choinníonn na leibhéil chlúdaigh vasaínithe ag dul i laghad, tá riosca ann go dtiocfaidh galair ar ais a díbríodh ón Eoraip roimhe seo, mar shampla polaimiailítís.



# Conas is féidir leat a bheith páirteach

## Oiliúint

Is cuid lárnach d'obair ECDC í an oiliúint, agus is tríd a chuirtear saineolas ar fáil do ghairmithe ó institiúidí um shláinte an phobail trasna na hEorpa. Chomh maith leis sin, tugann ECDC oiliúint d'oiliúnóirí, forbraíonn ábhar oiliúna agus tacaíonn le cláir oiliúna i gcomhar le páirtithe ar mhaithe leis an lucht oibre um shláinte an phobail sna Ballstáit a láidriú. Áirítear in ábhair na gcúrsaí: gnéithe eipidéimeolaíochta an vacsaínithe; anailís amshraitheanna; modhanna tuairisciúla agus réamhrá ar shamhaltú agus réamháisnéis; agus comhoiliúint ar ghnéithe bainistíochta, eipidéimeolaíochta agus micribhitheolaíochta iniúchtaí ráigeanna.

Tríd an gClár Eorpach um Oiliúint san Eipidéimeolaíocht Idirghabhála (EPIET), cuirtear cúrsa dhá bhliain agus taithí phraiticiúil ar fáil d'fhonn faireachas agus rialú galar tógálach.

I dtreocheangal le chéile, reáchtálann ECDC agus gníomhaireachtaí comhpháirteacha an Clár Oiliúna Eorpach Mircribhitheolaíochta um Shláinte an Phobail (European Public Health Microbiology Training Programme nó EUPHEM), clár eile dhá bhliain a reáchtáiltear ag ionaid oiliúna i saotharlanna trasna na hEorpa.

Éascaíonn ECDC tacaíocht fhrithpháirteach idir tíortha trí scéimeanna malartaithe ar líne agus scéimeanna nasctha, agus trí shaotharlanna agus prótacail a roinnt.



## Gníomhaíonn ECDC saineolaithe seachtracha

Tugann ECDC cuirí d'eolaithe a bhfuil an saineolas cuí acu páirt a ghlacadh i bpainéil eolaíochta agus i ngrúpaí oibre an Lárionaid agus cabhair a thabhairt don Lárionad lena chuid gníomhaíochtaí. Ar mhaithe lena uainchlár saineolaithe ionchasacha a leathnú, tá *Candidate Expert Directory* (Eolaire Iarrthóirí Saineolaithe) curtha ar bun ag ECDC, eolaire dá thugtar cuireadh do gach saineolaí a bhfuil saineolas agus cumas eolaíochta acu iarratas a chur faoina bhráid.

Chomh maith leis sin, eisíonn ECDC iarratais ar thairiscintí agus iarratais ar mholtaí le haghaidh deontas, chun réimsí speisialaithe oibre a chur ag obair.



*"Tugaimid oiliúint d'eipidéimeolaithe faoi mar a tugadh oiliúint do thógálaithe ardeaglaisí fadó – bhí orthu jab a fhoghlaim trína dhéanamh, agus níor tugadh cuireadh dóibh bheith ina mball de na Gildeanna go dtí sin. Sin a dhéanaimidne. Is é atá i gceist le ceann amháin dár scéimeanna 50 duine ar tugadh ardoiliúint dóibh ó ollscoileanna agus instiúidí um shláinte an phobail, daoine a bhfuil taithí nithiúil uathu, agus cuirimid iad ar thaithí oibre ina dtugtar íocaíocht dóibh, chun foghlaim tríd an ngníomh. An ardeaglais um shláinte an phobail – b'fhéidir nach bhfeicimid é go fóill ar a bhuaic, ach táimid ag tógáil na mbunsraitheanna riachtanacha, agus tá súil againn nach leagfar riamh é."*

Denis Coulombier, Ceannasaí an Aonaid Tacaíochta um Fhaireachas agus um Fhreagairt



An Stiúrthóir in éineacht le Baill de Bhord Bainistíochta ECDC

# Na príomhfhíricí faoi rialachas

Mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid an AE, tuairiscíonn ECDC do **Bhord Bainistíochta** a ainmníonn na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach a chuid ball. Ceapann an Bord Bainistíochta Stiúrthóir ECDC agus is é atá freagrach as ceannaireacht agus bainistíocht an Ionaid. Ní mór dó cinntiú chomh maith go gcomhlíonann an Lárionad a mhisean agus a thascanna ar aon dul leis an Rialachán Bunaidh. Déanann an Bord Bainistíochta formheas agus monatóireacht ar fhorfheidhmiú chlár oibre agus bhuiséad ECDC, glacann sé lena thuarascáil agus lena chuntais bhliantúla – ar an iomlán feidhmíonn sé mar Chomhlachas Rialachais an Lárionaid. Tagann sé le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad.

Tugann an **Fóram Comhairleach** comhairle do Stiúrthóir an Lárionaid maidir le caighdeán na hoibre eolaíochta a dhéanann ECDC. Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe sinsearacha institiúidí agus gníomhaireachtaí náisiúnta um shláinte an phobail, arna n-ainmniú ag na Ballstáit ar bhonn a gcuid cumais eolaíochta, agus oifigeach um shláinte an phobail ón gCoimisiún Eorpach. Is féidir le cumainn eolaíochta agus le grúpaí sochaí sibhialta Eorpacha breathnóirí a chur chuig an bhFóram Comhairleach freisin. Tugann stiúrthóir ECDC cuireadh don WHO freastal ar na cruinnithe chun sineirgíocht a chinntiú idir a chuid oibre eolaíochta agus obair ECDC. Chomh maith le comhairle a chur ar ECDC, feidhmíonn an Fóram Comhairleach mar chainéal um malartú eolais agus um chomhthiomsú eolais sláinte idir Ballstáit. Tionólann an Fóram Comhairleach ceithre huaire sa bhliain ar a laghad.



Is é atá i gceist le **Comhlachtaí Inniúla** ECDC insitițiúidí nó comhlachtaí eolaíochta a chuireann comhairle neamh-spleách eolaíochta nó theicniúil ar fáil nó acmhainn um ghníomh sa réimse. Ceapann rialtais na mBallstát iad. Cuir-eann siad comhairle ar fáil do ECDC, agus ar an mbealach céanna comhoibríonn ECDC leo ina chuid gníomhaíochtaí ar fad, go háirithe ar obair ullmhúcháin i gcomhair tuairimí eolaíochta, cúnamh eolaíochta agus teicniúil, bailiú son-raí, bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn a aithint, agus feachtais eolais don phobal.

| | |
|---|---|
| Ag feidhmiú ó: | **Bealtaine 2005** |
| Suíomh na gníomhaireachta: | **Stócólm na Sualainne** |
| Stiúrthóir: | **Marc Sprenger** |
| Ballstáit: | **AE 27 agus na trí thír eile sa LEE** |
| Rialachán Bunaidh: | **Rialachán (CE) Uimh 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 ag bunú an Lárionaid Eorpaigh um ghalair a chosc agus rialú** |
| Buiséad: | **€56 milliún in 2010** |
| Baill Foirne: | **350** |






# Caidreamh lenár bpáirtithe

Tugann ECDC tacaíocht ghníomhach don chóras uile AE agus dá Bhallstáit ina gcuid iarrachtaí feabhas a chur ar chosc agus ar rialú galar tógálach. Cuirimid comhairle agus fianaise ar fáil do phríomhpháirtithe an AE – go háirithe don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa, agus d'Uachtaránachtaí AE – chun tacú le gníomhartha ag leibhéal an AE. Cuirimid ar fáil chomh maith, comhairle, agus nuair a iarrtar é, cúnamh praiticiúil dár bpáirtithe náisiúnta sna Ballstáit.

Chomh maith leis na Ballstáit AE, oibríonn ECDC i gcomhar le tíortha eile de chuid an EEA, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Thosaigh sé ag obair chomh maith le Tíortha is Iarrthóirí iad don AE (an Chróit, Montainéagró, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus an Tuirc) ina chuid oibre, chomh maith le hIarrthóirí Féideartha an AE agus leis na tíortha um Bheartas Comharsanachta na hEorpa. Déanann ECDC comhoibriú go dlúth le WHO agus le príomhchontrapháirtithe eile domhanda ar nós *United States Centres for Disease Control* (Lárionaid na Stát Aontaithe um Rialú Galair), *Chinese Centre for Disease Control* (Lárionad na Síne um Rialú Galair), agus Public Health Agency of Canada (Gníomhaireacht Cheanada um Shláinte an Phobail). Gníomhaíonn ECDC go dlúth le grúpla sochaí sibhialta.


**An tAontas Eorpach (AE)**
27 Ballstát

**LEE/CSE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch/ Comhlachas Saorthrádála na hEorpa)**
An Íoslainn, an Iorua, Lichtinstéin

**Tíortha is iarrthóirí don AE**
An Chróit, an Íoslainn, Montainéagró, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, an Tuirc

**Tíortha is iarrthóirí féideartha don AE**
An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv faoi Rún na Comhairle Comhairle Slándála de chuid na Náisiún Aontaithe 1244/99, an tSeirbia

**Beartas Comharsanachta na hEorpa**
An Ailgéir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Éigipt, an tSeoirsia, Iosrael, an Iordáin, an Mholdóiv, Maracó, an Liobáin, an Libia, Údarás na Palaistíne, an tSiria, an Túinéis, an Úcráin



Gach grianghraf © ECDC, ach amháin:
© Tobias Hofsäss, an clúdach tosaigh, ar clé
© Istockphoto, an clúdach tosaigh, ar dheis, lgh 6, 7, 9, 11, 14, 18, 19, 26
© Reporters lch.8
© Science Picture Library lgh 12, 20

Atáirgeadh údaraithe, ar an gcoinníoll go n-admhaítear
an fhoinse. Ní fhéadfar grianghraif a úsáidtear faoi chóipcheart san
fhoilseachán seo a úsáid i gcomhair cuspóirí eile seachas an foilseachán seo
gan cead sainráite an tsealbhóra chóipchirt.

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

### Foilseacháin saor in aisce:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

### Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

### Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh):

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

TQ-31-11-136-GA-C

**An Lárionad Eorpach um Ghalair**
**a Chosc agus a Rialú (ECDC)**
Seoladh poist:
ECDC, 171 83 Stócólm, An tSualainn

Seoladh cuairte:
Tomtebodavägen 11A, Solna, An tSualainn

Fón: +46 858601000
Facs: +46 858601001
www.ecdc.europa.eu

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh
www.europa.eu

**Tá an bróisiúr seo ar fáil sna teangacha seo a leanas:**

**Béarla, Bulgáiris, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Íoslainnis, Ioruais, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris**

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9193-314-3